# Ceacht 8



## A thuiscint go dtugann na meáin guth dúinn agus feachtas faisnéise meáin a chruthú chun an guth sin a úsáid

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba chóir go mbeadh na leanaí ina ann a thuiscint go dtugann na meáin guth dúinn agus feachtas faisnéise meáin a chruthú chun an guth sin a úsáid. Roghnaigh topaic fiúntach d'fheachtas faisnéise meáin agus cruthaigh feachtas simplí meáin chun an topaic sin a chur chun cinn. |
| **Toradh Foghlama** | Sa mhéid go gcuireann na meáin a lán faisnéise ar fáil dúinn, déanann na meáin muid feasach ar cad atá ag tarlú sa domhan agus déanann sé sin an domhan níos lú. Taistealaíonn nuacht níos tapúla. Bímid ar an eolas faoi imeachtaí atá ar siúl na mílte míle uainn agus is féidir linn dearcthaí agus tuairimí daoine a chloisteáil freisin mar go dtugann na meáin guth dóibh. |
| **Nótaí an Mhúinteora** | Sa mhéid go gcuireann na meáin chumarsáide a lán faisnéise ar fáil dúinn, cuireann siad muid ar an eolas faoi céard atá ag titim amach ar fud an domhain agus ar an gcaoi sin déanann siad an domhan níos lú. Taistealaíonn nuacht níos tapúla. Bíonn a fhios againn cén chuma atá ar na himeachtaí sin cé go mb'fhéidir go bhfuil siad ag tarlú na mílte míle uainn agus is féidir linn dearcthaí daoine eile a chloisteáil mar go dtuann na meáin guth dóibh. |
| **Acmhainní** | • FísAn físeán *an Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn*<br>• Áiseanna taighde le rochtain ar an idirlíon<br>• Gníomhaíocht 8.1 |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus Plé: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh<br>• Foghlaim ghníomhach; Am Cur i Láthair<br>• Comharfhoghlaim: Ardaigh do Ghuth<br>• Scileanna trí mheán an ábhair - An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* |

# An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

# Ceacht 8



## Cur Chuige

**Céim 1: An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn***




**Físeán**

- Abair leis an leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn.
- Seinm an físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie.
- Cuir an físeán ar sos agus iarr ar na leanaí roinnt samplaí a thabhairt de na bealaí a dtéann na meáin i bhfeidhm orainn.
- Tar éis an fhíseáin, mínigh do na leanaí go bhfuil bealaí éagsúla ina ndéanann na meáin chumarsáide iarracht dul i bhfeidhm orainn.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil na meáin mórthimpeall orainn agus gur féidir leo faisnéis thábhachtach a thabhairt dúinn ach gur féidir leo mífhaisnéis a thabhairt dúinn freisin.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go bhfuil ról mór ag mothúcháin sna meáin agus san fhógraíocht.

**Céim 2: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh**

- Sonraítear in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an méid seo a leanas ..go mbeidh "fáil ag an leanbh ag a bhfuil an cumas a chuid tuairimí féin nó a cuid tuairimí féin a mhúnlú ar an gceart na tuairimí sin a chur i láthair go hoscailte i ngach gné a bhaineann leis an leanbh, le haird chuí á thabhairt ar thuairimí an linbh i gcomhréir le haois agus le haibíocht an linbh.."
- Inis do na leanaí go bhfuil guth ag gach leanbh agus go bhfuil sé de cheart acu go n-éistfí lena dtuairimí.
- Mínigh dóibh go bhfuil a dtuairimí ar aon ábhar tábhachtach, go háirithe ábhair a théann i bhfeidhm orthu féin agus ar a saol.
- Mínigh dóibh go ndírítear anois ar shaol an ghnáthdhuine, agus ní ar dhaoine cáiliúla amháin, mar thoradh ar na meáin, agus go háirithe na meáin shóisialta.
- Cuidíonn na meáin an domhan a dhéanamh níos lú, mar go dtaistealaíonn faisnéis níos tapúla agus níos éasca ar fud an domhain trí na meáin éagsúla atá ann anois.

**Céim 3: Ardaigh do Ghuth**


Media's influence on us

Activity 8.1

Plan an educational media campaign for children using the following questions

Name of educational media campaign

Who is the campaign target?

What is the main message of the campaign? (3/4 main messages)

What media elements did the campaign use – slogan, logo, celebrities, characters, music, humour, colour or images?

What is the slogan of the campaign? (It should be catchy and easy to remember)

What celebrity could promote the campaign?

What music could promote the campaign? (It should be catchy and relevant to the topic)

Why should the campaign be important to young people, in your opinion?

How is information communicated in the campaign?

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| On social media | | On television | | On radio | | In magazines | |
| In magazines | | In comics | | Online | | | |

Name: Class:

safefood MediaWise 50

**Gníomhaíocht 8.1**

- Iarr ar na leanaí a machnamh a dhéanamh ar thopaic atá tábhachtach dóibh féin – mar shampla frithbhulaíocht, feachtas faoin gcomhshaol, cearta leanaí, comhionannas LGBTI, comhionannas don Lucht Siúil, comhionannas inscne, cearta do dhaoine le cumais éagsúla, rochtain ar oideachas, an comhrac i gcoinne caitheamh tobac nó aon topaic eile a mbeadh spéis phearsanta acu ann agus ar mhaith leo go mbeadh daoine eile ar an eolas faoi.
- Inis do na leanaí go mbeidh an deis acu a bhfeachtas faisnéise meáin féin a chruthú i mbeirteanna, i ngrúpaí nó ina n-aonair.
- Ag úsáid Ghníomhaíocht 8.1 déanfaidh na leanaí a bhfeachtas oideachasúil meáin a chruthú ag úsáid na gceisteanna seo:
  - Cé orthu a bhfuil feachtas dírithe?
  - Cad é príomhtheachtaireacht an fheachtais? (3/4 phríomhtheachtaireacht)
  - Cad iad sainghnéithe an fheachtais– sluán, lógó, daoine cáiliúla, carachtair, ceol, greann, dathanna nó íomhánna?
  - Cad é sluán an fheachtais? (An bhfuil sé éasca cuimhneamh air)
  - Cén duine cáiliúil a bheadh oiriúnach chun an feachtas a chur chun cinn?
  - Cén ceol a d'fhéadfaí a úsáid chun an feachtas a chur chun cinn? (Chaithfeadh sé a bheidh tarraingteach agus ábhartha)
  - Cén fáth a mbeadh an feachtas tábhachtach do dhaoine óga, dar leo?
  - Conas a d'fhéadfaí an feachtas a chur chun cinn – sna meáin shóisialta, ar an teilifís, in irisleabhair, i ngreannáin, i bpóstaeir le haghaidh scoileanna, ar líne?

# An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

# Ceacht 8



## **Cur Chuige** ar lean

**Céim 4: Am Cur i Láthair**

- Ag úsáid na faisnéise ó Ghníomhaíocht 8.1 roghnóidh gach grúpa ceann díobh seo a leanas a chruthú:
  - PowerPoint
  - Seó Sleamhnán
  - Póstear dá bhfeachtas.

Ansin cuirfidh na leanaí a gcuid oibre i láthair os comhair an ranga agus tabharfaidh siad samplaí a d'fhéadfadh a dteachtaireacht a chur in iúl.

**Céim 5: Súil Siar ar na Meáin Chumarsáide**

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad a lán faoi na meáin chumarsáide agus faoi fhógraíocht le hocht gceacht anuas?

**Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad:**

- A thuiscint go mbíonn 'teachtaireacht' á cur chun tosaigh ag na meáin agus go bhfuil ceann de na ceithre sprioc seo a leanas ag an bhfógraíocht:
  - Rud a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
  - A chur ina luí orainn táirge a cheannach
  - A chur ina luí orainn ár n-iompraíocht a athrú
  - Dearcadh a chur chun cinn
- Measúnú a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla arna gcur i láthair ag na meáin agus a roghnú aontú nó easaontú leo, mar shampla tuairimí éagsúla faoin úsáid a bhaineann leanaí as na meáin nua-aimseartha
- A aithint go spreagtar mothúcháin le fógraíocht chun dul i bhfeidhm orainn.
- A thuiscint go leanann tionscal na meán rialacha agus iarracht a dhéanamh a mhíniú cén fáth a bhfuil na rialacha sin riachtanach.
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar na dteachtaireachtaí folaithe sna meáin & idirdhealú a dhéanamh idir dearcthaí éagsúla i ndáil leis an díospóireacht faoi na meáin sa tsochaí chomhaimseartha, agus an úsáid a bhaineann leanaí astu.
- A aithint nuair a úsáidtear stéiréitíopáil sna meáin.
- Comparáid a dhéanamh idir na bealaí éagsúla ina bhféadfadh luchtanna féachana agus éisteachta éagsúla frithghníomhú ar bhealaí éagsúla don fhógra céanna agus a aithint gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoinse faisnéise, ach ina bhfoinse mífhaisnéise freisin.
- Machnamh a dhéanamh ar go dtugann an meáin guth dúinn.
- Feachtas meáin a chruthú chun an guth sin a úsáid.




*Bronnfar Teastas MediaWise ar gach leanbh, ag léiriú gur ghlac siad páirt sa chlár.*